Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 16 Deireadh Fómhair 2023 (OR. en)**

**13940/23**

**Comhad Idirinstitiúideach: 2021/0191(COD)**

**EF 297**
**ECOFIN 982**
**ENV 1096**
**SUSTDEV 126**
**CODEC 1800**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Dréacht-RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir le bannaí glasa Eorpacha agus nochtaí roghnacha le haghaidh bannaí a mhargaítear mar bhannaí atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de agus le haghaidh bannaí atá nasctha le hinbhuanaitheacht **(an chéad léamh)**<br>- Glacadh an ghnímh reachtaigh |

1. An 6 Iúil 2021, chuir an Coimisiún an togra uaidh[1], atá bunaithe ar Airteagal 114 CFAE, faoi bhráid na Comhairle.

2. Thug Banc Ceannais na hEorpa a thuairim uaidh an 5 Samhain 2021[2].

3. Thug Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa a thuairim uaidh an 8 Nollaig 2021[3].

4. An 5 Deireadh Fómhair 2023, ghlac Parlaimint na hEorpa a seasamh ar an gcéad léamh maidir leis an togra ón gCoimisiún. Is léiriú é toradh na vótála i bParlaimint na hEorpa ar an gcomhaontú comhréitigh ar tháinig na hinstitiúidí air agus, dá bhrí sin, ba cheart go mbeadh glacadh ag an gComhairle leis[4].

[1] 10027/21 + ADD 1-4.
[2] IO C 27, 19.1.2022, lch. 4.
[3] IO C 152, 6.4.2022, lch. 105.
[4] 13790/23.

5. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe, dá bhrí sin, a dhearbhú go n-aontaíonn sé leis sin agus iarrtar air a mholadh don Chomhairle an méid seo a leanas a dhéanamh:

– an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa, mar a leagtar amach in PE-CONS 27/23 é, a fhormheas mar mhír 'A' ag ceann de na cruinnithe a bheidh ann amach anseo, agus an Ostair, an Ghearmáin agus Lucsamburg ag staonadh ón vótáil, agus

– an ráiteas ón gComhairle, mar a leagtar amach in Aguisín 1 a ghabhann leis an nóta seo é, a fhormheas.

6. Leagtar amach na ráitis le haghaidh na miontuairiscí ó chruinniú na Comhairle in Aguisíní 1 agus 2 a ghabhann leis an nóta seo.

7. Má fhormheasann an Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa, glacfar an gníomh reachtach.

Nuair a bheidh an gníomh reachtach sínithe ag Uachtarán Pharlaimint na hEorpa agus ag Uachtarán na Comhairle, foilseofar in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* é.